



Folúntas: Clár-Reachtaire

Tá **Clár-Reachtaire** le ceapadh ag Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta (ag trádáil mar 'Raidió na Life'). Post ar chonradh bliana atá i gceist, agus féidearthacht ann go gcuirfí síneadh leis an gconradh ina dhiaidh sin. Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig bainisteoir@raidionalife.ie faoi 5 i.n. ar an Aoine, 29 Samhain 2024. Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.

Stáisiún raidió pobail bríomhar lán-Ghaeilge atá ag craoladh ar an raidió i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar 106.4FM agus ar fud na tíre agus na cruinne ar raidionalife.ie is ea Raidió na Life. Is mian le Raidió na Life duine uailmhianach, éirimiúil, cumasach agus fuinniúil a cheapadh mar **Chlár-Reachtaire**. Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost spreagúil seo. Beidh an té a cheapfar sa phost seo ag obair **ar an láthair** in oifigí Raidió na Life i Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Próifíl an Phoist:

Beidh an Clár-Reachtaire freagrach don Bhainisteoir Stáisiúin.

Beidh sé/sí freagrach as **taighde, léiriú agus láithriú ar chlár cainte laethúil aon uair an chloig ar fhad ar Raidió na Life, cúig lá in aghaidh na seachtaine (Luan – Aoine).**

Beidh sé/sí ag plé le craoltóirí deonacha an stáisiúin i gcoitinne ó lá go lá, go háirithe iad siúd a bheidh ag obair ar an gclár/na cláir ar leith a bheidh an Clár-Reachtaire ag stiúradh ó lá go lá. Beidh sé/sí ag obair ar chlár eile de réir mar a aontófar leis an mBainisteoir Stáisiúin.

Tugtar tuilleadh sonraí faoi 'Dualgais an Phoist' thíos.

Dualgais an Phoist:

- **Ardchaighdeán a chinntiú ar chlár laethúil cainte aon uair an chloig ar fhad ar Raidió na Life gach lá ó Luan go hAoine, trí thaighde agus léiriú laethúil an chláir, mar aon leis an gclár a chur i láthair beo ar an aer. Beidh céatadán nach ísle ná 80% de chaint ar an gclár seo**
- Míreanna & cláir a uaslódáil mar chomhaid fuaimne ar ardáin ar líne (Soundcloud srl.)
- Míreanna ón gclár a mholadh agus a chur ar fáil d'ollchlár *Scoth na Seachtaine* a chuirtear le chéile gach Aoine
- Cabhrú le cláir eile ar an stáisiún de réir mar a aontófar leis an mBainisteoir Stáisiúin
- Eolas rialta a chur ar na meáin shóisialta mar gheall ar chlár; míreanna; nuacht RnaL
- Plé le craoltóirí deonacha agus saorálaithe eile i RnaL ar bhonn laethúil, agus cabhrú le saorálaithe agus iad ar an láthair ag plé lena gcláir, ag obair sa stiúideo srl
- Maoirsiú agus comhordú ar scoláirí idirbhliana ar thaithí oibre le Raidió na Life
- Bunachar sonraí teagmhálaithe agus agallaithe RnaL a nuashonrú agus a neartú
- A bheith ag obair ar chraoltaí seachtracha in áiteanna éagsúla ar fud na tíre ó am go chéile

- Seasamh isteach chun cúraimí ball foirne eile a chlúdach ó am go chéile, m.sh. agus ball foirne eile ar saoire nó ar shaoire bhreuiteachta (m.sh. Clár-Reachtairí eile)
- Dualgais eile de réir riachtanais na heagraíochta

Ní liosta uileghabhálach é seo agus d'fhéadfaí go mbeadh cúraimí eile le comhlíonadh, de réir mar a aontófar leis an mBainisteoir Stáisiúin.

Cáilíochtaí / Scileanna Riachtanacha:

- Gaeilge scríofa agus labhartha d'ardchaighdeán
- Scileanna láidre taighde, léiriúcháin agus láithreoireachta
- Sárthuisicint ar an raidió mar mheán cumarsáide don éisteoir
- Tuiscint mhaith ar na meáin Ghaeilge; na meáin in Éirinn; agus ar éiteas an raidió pobail
- Bunchéim onóracha tríú leibhéal, ar a laghad, nó cuntas teiste gairmiúil a léireoidh go bhfuil na scileanna atá riachtanach chun an post seo a chomhlíonadh gnóthaithe ag an iarrthóir
- Scileanna láidre idirphearsanta, a chuirfidh ar chumas an iarrthóra a bheith ag plé le baill foirne eile agus le láithreoirí agus craoltóirí deonacha; a bheith ag déanamh teagmháil laethúil le haíonna, agus a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann stáisiúin raidió pobail ina bhfuil rannpháirtíocht lárnach ag daoine éagsúla ón bpobal
- Inniúil ar ghnáthchórais TF (IT) oifige, i.e. MS Word, Outlook, Excel srl

Tréithe Inmhianaithe:

- Taithí ghairmiúil chraoltóireachta, go háirithe i gcúrsaí léirithe agus/nó láithreoireachta
- Cur amach ar agus taithí ar threalamh craolacháin agus taifeadta agus ar bhogearraí taifeadta agus eagarthóireachta fuaime
- Spéis i gcúrsaí reatha agus i raon leathan réimsí, m.sh. saol na Gaeilge, na healaíona agus na meáin, an litríocht, spórt, ceol, stair, polaitíocht, srl
- Cáilíocht tríú leibhéal sa Ghaeilge nó san Iriseoireacht nó i réimse gaolmhar
- Tuiscint ar rialúcháin, cóid agus caighdeáin chraolacháin Choimisiún na Meán cnam.ie

Coinníollacha:

- Post lánaimseartha ar chonradh bliana atá sa phost seo. D'fhéadfaí go gcuirfí síneadh leis an gconradh ina dhiaidh sin
- Ceapfar an Clár-Reachtair ar ghrád Oifigeach Feidhmiúcháin – Gnáthscála (€36,544 – €59,422) de réir an chiorcláin is déanaí a bheidh i bhfeidhm nuair a dhéanfar an ceapachán. Socrófar tuarastal de réir taithí agus cáilíochtaí.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre Raidió na Life agus táthar ag súil go ndéanfaidh an té a cheapfar sa ról seo a gcuid oibre ar fad trí Ghaeilge.

Conas iarratas a dhéanamh:

Seoltar litir iarratais mar aon le CV chuig bainisteoir@raidionalife.ie faoi 5 i.n. ar an Aoine, 29 Samhain 2024.

Is fostóir comhionannas deiseanna é Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta.